AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA **S36T**

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2001

# EOLAÍOCHT – GNÁTHLEIBHÉAL

**[N.B. Ní d'Iarrthóirí Eolaíocht – Staidéar Áitiúil é seo]**

**DÉARDAOIN 14 MEITHEAMH – IARNÓIN, 2.00 - 4.30**

**TREORACHA**

1. Scríobh do **scrúduimhir** sa bhosca atá curtha ar fáil ar an leathanach seo.
2. Freagair **ROINN A.**
3. Freagair **AON TRÍ ROINN** as **Ranna B, C, D, E.**
4. Freagair **gach ceist** sna spásanna atá curtha ar fáil. Má tá spás breise ag teastáil uait, tá leatanaigh curtha ar fáil ar chúl an leabhráin seo.

**Uimhir an Ionaid**

**Scrúduimhir**

**Don scrúdaitheoir amháin**

1. Suim na n-iomlán ag bun na leathanach.
2. Suim chomhlán aon cheist(eanna) nár ceadaíodh.
3. Marcanna iomlána tugtha (1 lúide 2)
4. Bónas don fhreagairt trí




**Don scrúdaitheoir amháin**

| CEIST | | MARC |
|---|---|---|
| **Roinn A** | **C.1** | |
| **Roinn B** | **C.2** | |
| | **C.3** | |
| | **C.4** | |
| **Roinn C** | **C.5** | |
| | **C.6** | |
| | **C.7** | |
| **Roinn D** | **C.8** | |
| | **C.9** | |
| | **C.10** | |
| **Roinn E** | **C.11** | |
| | **C.12** | |
| | **C.13** | |
| | **C.14** | |
| | **C.15** | |
| | **C.16** | |

| | |
|---|---|
| **FO-IOMLÁN** | |
| **BÓNAS** | |
| **IOMLÁN** | |
| **GRÁD** | |

Ceist 1

(a) **Ainmnigh** na gairis seo a leanas.

**AINM:** ______________ ______________ ______________ ______________

(b) Is é atá sa **Ghrianchóras** ná an Ghrian agus naoi bpláinéad.

Pláinéad amháin sa Ghrianchóras is ea an Domhan. Ainmnigh **dhá** cheann eile.

1 ____________________________ 2 ____________________________


Cén fad ama a ghlacann an Domhan leis an nGrian a fhithisiú?

____________________________________________________________

**Níl** aon bheatha ar na pláinéid eile seachas an Domhan. Luaigh fáth **amháin** atá leis seo.

____________________________________________________________

(c) Taispeánann an léaráid **barra-mhaighnéad**.




Ainmnigh **miotal** a ndéanann maighnéad aomadh air.

____________________________________________

Luaigh **úsáid amháin** atá ag maighnéad sa teach cónaithe.

____________________________________________________________

**Críochnaigh na habairtí:**

**Poil chosúla** ar mhaighnéid, ________________ siad a chéile.

**Poil neamhchosúla** ar mhaighnéid, ________________ siad a chéile.

Caolú

(d) Taispeánann an léaráid **teirmiméadar cliniciúil**.

Cad a thomhaistear le teirmiméadar cliniciúil? ____________________

Ainmnigh **leacht** a úsáidtear i dteirmiméadar. ____________________

Cén teocht ag a **reonn** uisce? ____________________

(e) **Críochnaigh na habairtí seo a leanas** agus na focail atá ar an liosta ar dheis á n-úsáid.

Caomhnaíonn seaicéid fálaithe an teas i gcoirí trí ______________

Gluaiseann teas trí sholaid trí ______________

Is é a thugtar ar athrú gaile ina leacht ná ______________

Déanann an Ghrian an Domhan a théamh trí ______________

| |
|---|
| **SEOLADH** |
| **COMHDHLÚTHÚ** |
| **INSLIÚ** |
| **RADAÍOCHT** |

(f) Meaitseáil ceann de na **guaiseanna** ón liosta ar dheis le gach ceann de na **siombailí** seo a leanas.

**A** **B** **C** **D**

**A** ______________________________

**B** ______________________________

**C** ______________________________

**D** ______________________________

| |
|---|
| **TOCSAINEACH** |
| **CREIMNEACH** |
| **INLASTA** |
| **DOCHRACH** |

(g) Meaitseáil **dúil** ón liosta ar dheis le **húsáid** chuí.

(i) Canna deochanna boga ____________________

(ii) Maraíonn sé frídíní ____________________

(iii) Comharthaí fógraíochta ____________________

(iv) Sreangú leictreach ____________________

| |
|---|
| **CLÓIRÍN** |
| **COPAR** |
| **ALÚMANAM** |
| **NEON** |

(h) Baintear úsáid as **triantán tine** chun léiriú a thabhairt ar na **trí** rud atá riachtanach ag tine chun go loiscfidh sí.

Cad a chuirtear in iúl le **A**? ______________________

Ainmnigh **substaint** is féidir a úsáid chun tinte a mhúchadh.

__________________________________________ **TEAS** **A**

Luaigh réamhchúram **amháin** sábháilteachta tine is féidir a ghlacadh sa teach cónaithe.

__________________________________________ **OCSAIGIN**

(i) Luaigh cé acu **athrú fisiceach** nó **athrú ceimiceach** gach ceann díobh seo a leanas.

**SIÚCRA AG TUASLAGADH I dTAE** **GUAL AG DÓ**
**BAINNE AG DUL I nGÉIRE** **COINNEAL AG LEÁ**

| ATHRÚ FISICEACH |
| --- |
| |
| |

| ATHRÚ CEIMICEACH |
| --- |
| |
| |

(j) Gás in aer is ea **dé-ocsaíd charbóin.**

Luaigh **úsáid amháin** atá ag dé-ocsaíd charbóin. ____________________________

Cén **tástáil** atá ann **do dhé-ocsaíd charbóin**?

__________________________________________________________________

Ainmnigh **gás eile** a bhíonn in aer. ______________________________________

(k) Taispeánann an léaráid struchtúr **fiacaile**.

Ainmnigh páirt **A**. _________________________________

Ainmnigh páirt **B**. _________________________________

Ainmnigh **mianra** atá riachtanach do dhéanamh na bhfiacla. ______________________________

Luaigh bealach **amháin** chun lobhadh fiacla a chosc.

_______________________________________________

**A**

**B**

(l) Ainmnigh an t-**orgán** nó an **ball den chorp daonna** a dhéanann gach ceann faoi leith díobh seo a leanas.

Pumpálann sé fuil timpeall an choirp. ______________________

Déanann sé cealla ubh sa bhaineannach. ______________________

Scagann sé fuil agus déanann sé fual. ______________________

Tarraingíonn sé ar chnámha agus cuireann sé ag bogadh iad. ______________________

(m) Baineann daoine úsáid as **cúig chéadfa** chun sonraí eolais a bhailiú maidir leis an domhan amuigh.

**Críochnaigh an tábla seo a leanas:**

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **CÉADFA** | éisteacht | | blaiseadh | | boladh |
| **ORGÁN CÉADFA** | | craiceann | teanga | súil | |

(n) Taispeánann an léaráid **planda faoi bhláth**.

Ainmnigh páirt **A**. ______________________________

Ainmnigh páirt **B**. ______________________________

Luaigh **feidhm amháin** ag páirt **A**.

______________________________________________

Luaigh **feidhm amháin** ag páirt **B**.

______________________________________________

**A**

**B**

(o) Tréith bhunúsach ag rudaí beo is ea an **cothú**. Ainmnigh **dhá** thréith eile ag rudaí beo.

1 ______________________________ 2 ______________________________

Ainmnigh **tábhacht amháin** a bhaineann le **plandaí** don duine daonna.

______________________________________________

Ainmnigh **tábhacht amháin** a bhaineann le **hainmhithe** don duine daonna.

______________________________________________

**ROINN B – FISIC (72 MARC)**

**Tá TRÍ cheist sa Roinn seo. Freagair DHÁ cheann ar bith díobh.**

**Ceist 2**

(a) Meaitseáil **téarma** ar an liosta ar dheis:

| | |
|---|---|
| | **MAIS** |
| | **AM** |
| | **DLÚS** |
| | **ACHAR** |

(i) a **thomhaistear ina $m^2$** ____________________ (3)

(ii) is féidir **a thomhas le stop-uaireadóir** ____________________ (3)

(iii) arb ionann é **agus an méid damhna atá i rud** ____________________ (3)

(iv) atá cothrom le $\frac{\textbf{mais}}{\textbf{toirt}}$ ____________________ (3)

(b) Is é is **frithchuimilt** ann ná **fórsa** idir dhá rud atá ag gluaiseacht thar a chéile.

(i) Luaigh sampla ina bhfuil **frithchuimilt úsáideach**. (3)

________________________________________

(ii) Luaigh sampla nach bhfuil **frithchuimilt úsáideach ann**. (3)

________________________________________

(iii) Luaigh **dhá** shampla eile de **fhórsaí.** (6)

1 ____________________ 2 ____________________

(c) Déan cur síos, le cabhair léaráide lipéadaithe, ar thurgnamh **a léiríonn go gcuireann an t-atmaisféar brú**. (12)

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

Léaráid lipéadaithe

**Ceist 3**

(a) Meaitseáil **aonad** ón liosta ar dheis le gach ceann díobh seo a leanas:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| (i) | voltas | ____________________ | (3) | **VATA** |
| (ii) | sruth | ____________________ | (3) | **AIMPÉAR** |
| (iii) | cumhacht | ____________________ | (3) | **CILEAVATUAIR** |
| (iv) | aonad leictreachais BSL | ____________________ | (3) | **VOLTA** |

(b) Léiríonn an léaráid **sruth leictreach** ag gabháil trí **uisce** in eascra.

(i) Cén **éifeacht** atá ag an sruth ar an uisce? (3)

___________________________________

(ii) Ainmnigh **fearas tí** a bhaineann leas as an éifeacht seo. (3)

___________________________________

(iii) Cén **costas** atá ar théiteoir 3 kW a bheith ar siúl ar feadh 2 uair a chloig más é 8 bpingne atá ar aonad amháin leictreachais? (6)

___________________________________

(c) Déan cur síos, le cabhair léaráide lipéadaithe, ar thurgnamh a thaispeánann **go bhforbraíonn leachtanna nuair a dhéantar iad a théamh**. (12)

___________________________________

___________________________________

___________________________________

___________________________________

___________________________________

___________________________________

___________________________________

___________________________________

**Ceist 4**

(a) **Gné fuinnimh** is ea **solas**.

(i) Cad is fuinneamh ann? (6)

___________________________________________

(ii) Ainmnigh **dhá** ghné eile fuinnimh. (6)

1 ____________________ 2 ____________________

(b) Abair an foinse fuinnimh **inathnuaite** nó **neamhathnuaite** gach ceann díobh seo a leanas. (12)

**GUAL** **TONN** **GAOTH** **OLA**

| **FOINSE INATHNUAITE** |
| --- |
| |
| |

| **FOINSE NEAMHATHNUAITE** |
| --- |
| |
| |

(c) Léiríonn an léaráid **meascadh na dtrí dhath phríomhúla solais**.

(i) Ainmnigh an dath príomhúil **X** atá ar iarraidh. (3)

______________________

(ii) Ainmnigh an dath tánaisteach **Z**. (3)

______________________

Déantar an dath **Y** nuair a mheasctar na dtrí dhath phríomhúla.

(iii) Ainmnigh an dath **Y**. (3)

______________________

**Spré** is ea scoilteadh solais bháin i seacht ndath an speictrim.

(iv) Tabhair **sampla coitianta** de spré. (3)

______________________

**ROINN C – CEIMIC (72 MARC)**

**Tá TRÍ cheist sa Roinn seo. Freagair DHÁ cheist ar bith de na ceisteanna seo.**

**Ceist 5**

(a) Meaitseáil na dúile thíos leis an **tsiombail** cheart sa tábla. (12)

**NÍTRIGIN CARBÓN SÓIDIAM CLÓIRÍN**

| **SIOMBAIL** | C | Na | Cl | N |
|---|---|---|---|---|
| **DÚIL** | | | | |

(b) Léiríonn an léaráid gaireas is féidir a úsáid **chun uisce agus alcól a dheighilt**.

(i) Ainmnigh an **teicníocht deighilte** seo. (6)

(ii) Ainmnigh páirt **A**. (3)

**A**

(iii) Cén ceann den dá leacht a chruinníonn ar dtús san eascra? (3)

(c) Déan cur síos, le cabhair léaráide lipéadaithe, ar thurgnamh chun **gaineamh agus uisce a dheighilt**. (12)

**Ceist 6**

(a) (i) Roghnaigh **gás** ón liosta ar dheis a ndéanann **báisteach aigéadach** nuair a thuaslagtar é i mbáisteach. (3)

______________________________

| |
|---|
| **HÉILIAM** |
| **DÉ-OCSAÍD SULFAIR** |
| **CLÓIRÍN** |

(ii) Luaigh **tionchar dochrach amháin** ag baisteach aigéadach. (3)

______________________________

(iii) Abair conas a dhéanfá **pH** leachta a thomhas. (6)

______________________________

______________________________

(b) **Comhdhúil** is ea uisce.

(i) Ainmnigh an **dá dhúil** a comhdhéanann uisce. (6)

1 ____________________ 2 ____________________

(ii) Cén **t-airí** atá in uisce a ligeann d'fheithidí beaga siúl ar a dhromchla? (6)

______________________________

(c) Rinneadh tástáil ar dhá shampla uisce **A** agus **B** le tuaslagán gallúnaí lena **gcruas** a chur i gcomparáid. Tomhaiseadh an méid den tuaslagán gallúnaí ba ghá chun sobal a dhéanamh agus fuarthas na torthaí seo a leanas.

| Sampla uisce | **A** | **B** |
|---|---|---|
| Tuaslagán gallúnaí ba ghá ina $cm^3$ | 5 | 15 |

(i) Cén sampla, **A** nó **B**, is crua mar shampla uisce? ____________________ (3)

(ii) Cén chaoi a **mbaintear cruas sealadach amach** as sampla uisce? (3)

______________________________

(iii) Luaigh **buntáiste amháin** a bhaineann le huisce crua. (3)

______________________________

(iv) Luaigh **míbhuntáiste amháin** a bhaineann le huisce crua. (3)

______________________________

**Ceist 7**

(a) (i) Cad is brí leis an bhfocal **cóimhiotal**? (6)

___________________________________________

(ii) **Ainmnigh** cóimhiotal. ___________________________________ (3)

(iii) Luaigh **úsáid** amháin don chóimhiotal a d'ainmnigh tú. ____________ (3)

(b) Taispeánann an léaráid turgnamh a cuireadh ar bun chun a fháil amach **cén fáth go dtagann meirg ar thairne iarainn**.

Ola

Tairne

Uisce sconna | Clóiríd chailciam | Uisce beirithe

(i) Cén **ceann** de na promhadáin ina dtiocfaidh meirg ar an tairne?__________ (3)

(ii) Cén fáth ar **beiríodh** an t-uisce i bpromhadán **C**? (3)

___________________________________________

(iii) Luaigh **dhá** chaoi a gcuirtear cosc ar mheirg teacht ar iarann. (6)

1___________________________________________

2___________________________________________

(c) Taispeánann an léaráid turgnamh arbh fhéidir é a chur i gcrích sa tsaotharlann.

(i) Cén **próiseas** atá a iniúchadh? (3)

___________________________

(ii) Cad a tharlaíonn don **eochair**? (6)

___________________________

(iii) Cad a tharlaíonn don **leictreoid chopair**? (3)

___________________________

**ROINN C**

**ROINN D – BITHEOLAÍOCHT (72 MARC)**

**Tá TRÍ cheist sa Roinn seo. Freagair DHÁ cheist ar bith díobh seo.**

**Ceist 8**

(a) Roghnaigh **bia** ón liosta ar dheis atá ina fhoinse mhaith:

| |
|---|
| **SÚ LÍOMÓIDE** |
| **CALÓGA BRAN** |
| **GEARRTHÓG MUICEOLA** |
| **ARÁN** |

(i) próitéiní ________________ (3)

(ii) stáirse ________________ (3)

(iii) vitimín C ________________ (3)

(iv) snáithín ________________ (3)

(b) Taispeánann an léaráid **córas díleá an duine**.

(i) Ainmnigh páirt **A**. ________________ (3)

**A**

(ii) Ainmnigh páirt **B**. ________________ (3)

(iii) Cén **phríomhfheidhm** atá ag **B**? (3)

________________________________

**B**

(iv) Ainmnigh cineál **amháin ceimiceáin** a chuidíonn le briseadh síos bia sa chóras díleá. (3)

________________________________

(c) Braitheann dochtúirí **cuisle** na n-othar acu chun an **ráta frithbhualadh croí acu a thomhas**.

(i) Ainmnigh **ionad** maith sa chorp chun cuisle a aimsiú. (3)

________________________________

(ii) Cén ceann díobh seo a leanas arbh ionann é agus **frithbhualadh croí ar meán in aghaidh an nóiméad** ag duine fásta agus é ag ligean scíthe. (3)

**52** **72** **92** ________________________________

(iii) Ainmnigh toisc **amháin** a chuirfeadh **méadú** ar ráta frithbhualadh an chroí. (3)

________________________________

(iv) Luaigh bealach **amháin** chun **galar croí** a chosc. (3)

________________________________

**Ceist 9**

(a) Taispeánann an léaráid **bláth**.

(i) Ainmnigh páirt **A**. (3)

(ii) Cén **fheidhm** atá ag an antar '**B**'? (6)

**A**
**B**

**C**

(iii) Ainmnigh páirt **C**. (3)

(b) Taispeánann an léaráid turgnamh a cuireadh ar bun chun an éifeacht a léiriú a bheadh ar phlanda a fhás faoi sholas ó thaobh **amháin**.

(i) Cén **toradh** a mbeadh súil agat leis tar éis roinnt laethanta? (3)

**SOLAS→**

(ii) Cén t-**ainm** a thugtar ar an bhfreagairt seo? (6)

(iii) Luaigh bealach **amháin** ina gcuidíonn an fhreagairt seo leis an bplanda. (3)

(c) Taispeánann an léaráid turgnamh ar **fhótaisintéis.**

(i) Cén **gás** a bhailíonn ag **S**? (3)

Uisce

(ii) Ainmnigh **páirt** den phlanda ina dtarlaíonn fótaisintéis. (3)

(iii) Ainmnigh **dhá** rud a theastaíonn ó phlanda chun go dtarlódh fótaisintéis. (6)

**SOLAS**

1 ____________________


Planda Uisce

2 ____________________

**ROINN D**

**Ceist 10**

(a) Taispeánann an léaráid **cill ainmhí**.




(i) Ainmnigh páirt **A**. ______________________ (3)

(ii) Ainmnigh páirt **B**. ______________________ (3)

(iii) Cén **fheidhm** atá ag páirt **A**? (3)

_______________________________________________________________

(iv) Luaigh **difríocht amháin** idir cill ainmhí agus cill phlanda. (3)

_______________________________________________________________

(b) (i) Ainmnigh **gnáthóg** a bhfuil staidéar déanta agat uirthi. ____________________ (3)

(ii) Ainmnigh **planda** amháin a bhfaightear sa ghnáthóg sin. ____________________ (3)

(iii) Luaigh sampla **amháin** den **oiriúnú a dhéantar ar ainmhí** chun maireachtáil sa ghnáthóg sin. ____________________________________________________ (3)

(iv) Ainmnigh substaint **amháin** is cúis le **truailliú uisce**. (3)

_______________________________________________________________

(c) Taispeánann an léaráid **dhá ghaireas**, **A** agus **B**, a mbaintear úsáid astu i staidéar gnáthóige.

Uige

**A** **B**

(i) Ainmnigh gaireas **A**. ____________________________________ (3)

(ii) Luaigh **úsáid** do **A**. ____________________________________ (3)

(iii) Ainmnigh gaireas **B**. ____________________________________ (3)

(iv) Luaigh **úsáid** do **B**. ____________________________________ (3)

**ROINN D**

## ROINN E – EOLAÍOCHT FHEIDHMEACH (72 MARC)

**Tá SÉ cheist sa Roinn seo. Freagair DHÁ cheann ar bith díobh seo.**

### Ceist 11 - Domhaneolaíocht

(a) Meaitseáil gach **cineál scamaill** ar an liosta thíos leis an **litir** chuí ón léaráid.

Cumalas ______________________ (3)

Ciorras ______________________ (3)

Stratus ______________________ (3)

(b) **Satailít** den **Domhan** is ea an **Ghealach**.

(i) Cad is satailít ann? (3)

______________________________________________________________

(ii) Cén fad ama a ghlacann an nGealach chun an Domhan a fhithisiú? ____________ (3)

(c) Déan cur síos ar thurgnamh chun léiriú a dhéanamh ar **éifeacht na gaoithe ar ráta galaithe uisce**. (12)

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

**Ceist 12 - Gairneoireacht**

(a) (i) Ainmnigh **planda** óna bhfaighimid **bláthanna gearrtha**. (3)

______________________________

(ii) Cén **t-am den lá is fearr** chun na bláthanna a bhaint? (3)

______________________________

(iii) Luaigh **dhá** shlí chun bláthanna gearrtha a choinneáil úr. (6)

1 ______________________________

2 ______________________________

(b) (i) Ainmnigh **dhá** rud a sholáthraíonn **ithir** do phlanda. (6)

1 ______________________________

2 ______________________________

(ii) Luaigh bealach **amháin** ina gcuireann **péisteanna talún** feabhas ar ithir. (3)

______________________________

(iii) Luaigh buntáiste **amháin** a bhaineann le **múirín** a úsáid chun plandaí a fhás. (3)

______________________________

**Ceist 13 – Eolaíocht na nÁbhar**

(a) Meaitseáil **ábhar** amháin ón liosta ar dheis le gach ceann díobh seo a leanas:

(i) hidreacarbón ____________________ (3)

(ii) teicstíl nádúrtha ____________________ (3)

(iii) adhmad ____________________ (3)

(iv) teicstíl shintéiseach ____________________ (3)

| |
|---|
| **CADÁS** |
| **DAIR** |
| **NÍOLÓN** |
| **PEITREAL** |

(b) Bíonn siombailí ar **lipéid chúraim** a thaispeánann dúinn conas aire a thabhairt d'éadaí.

(i) Cad is brí leis an tsiombail seo a leanas?

______________________________ (3)

(ii) Tarraing an tsiombail a mbeifeá ag súil lena feiceáil ar an lipéad cúraim ar léine **ar féidir triomú rothlaim a dhéanamh uirthi**. (3)

(c) Freagair **AON CHEANN AR BITH** de na ceisteanna **A (PLAISTIGH)**, **B (TEICSTÍLÍ)**, **C (MIOTAIL)**, **D (ADHMAD)**, atá ar an dá leathanach seo a leanas.

>>>>>>>>>>>>>>>>>

**A - PLAISTIGH**

(i) Ainmnigh plaisteach. ______________________________ (3)

(ii) Luaigh úsáid **amháin** don phlaisteach a d'ainmnigh tú. ____________________ (3)

(iii) Déan cur síos, le cabhair léaráide lipéadaithe, ar thurgnamh chun **na hairíonna inslithe teasa ag dhá phlaisteach a chur i gcomparáid lena chéile**. (12)

________________________________

________________________________

________________________________

________________________________

________________________________

________________________________

________________________________

________________________________

Léaráid lipéadaithe

(i) Críochnaigh an abairt agus úsáid á baint agat as focail ar an liosta thíos. (6)

**SNÁITHÍNÍ UIGÍ**

Déantar snáth as …………………. agus déantar………………. a fhí as snáth.

(ii) Déan cur síos, le cabhair léaráide lipéadaithe, ar thurgnamh chun **ionsúiteacht dhá theicstíl a chur i gcomparáid lena chéile**. (12)

________________________________

________________________________

________________________________

________________________________

________________________________

________________________________

________________________________

________________________________

## C - MIOTAIL

(i) Ainmnigh **dhá** mhiotal atá ar fáil **in a staid saor sa nádúr**. (6)

1 ____________________ 2 ____________________

(ii) Déan cur síos, le cabhair léaráide, ar thurgnamh chun **cruas dhá mhiotal a chur i gcomparáid lena chéile**. (12)

## D - ADHMAD

(i) Ainmnigh **crua-adhmad**. ____________________ (3)

(ii) Ainmnigh **adhmad shaothraithe**. ____________________ (3)

(iii) Déan cur síos, le cabhair léaráide lipéadaithe, ar thurgnamh chun **neart lúbtha dhá phíosa adhmaid a chur i gcomparáid lena chéile**. (12)

Léaráid lipéadaithe

**Ceist 14 - Bia**

(a) Roghnaigh **bia** ón liosta ar dheis a dhéantar **úrchaomhnú** air trí:

| | | | |
|---|---|---|---|
| (i) | leasú | ____________________ | (3) |
| (ii) | reo | ____________________ | (3) |
| (iii) | stánú | ____________________ | (3) |
| (iv) | triomú | ____________________ | (3) |

**PIZZA**
**CALÓGA ARBHAIR**
**LIAMHÁS**
**ANANN**

(c) Déan cur síos ar an gcaoi a ndéanfá **im** as uachtar. (12)

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

**Ceist 15 - Leictreonaic**

(a) Meaitseáil **comhbhall leictreonach** ón liosta ar dheis le gach siombail ar leith díobh seo a leanas.

| | |
|---|---|
| **DSA (LED)** | |
| **FSS (LDR)** | |
| **FRIOTÓIR INATHRAITHE** | |
| **DÉ-ÓID** | |

(i) ______________________________ (3)

(ii) ______________________________ (3)

(iii) ______________________________ (3)

(iv) ______________________________ (3)

(b) Taispeánann an léaráid **DSA (LED)**.

(i) Marcáil **X** ar an léaráid chun suíomh na catóide a thaispeáint. (3)

(ii) Cén **teirminéal** ar an gceallra a mbíonn an chatóid nasctha leis de ghnáth? (3)

______________________________________________

(iii) Luaigh úsáid **amháin** ag DSA (LED). (3)

______________________________________________

(iv) Cén fáth go gcuirtear **friotóir** de ghnáth i sraith le DSA (LED) i gciorcaid leictreonacha? (3)

______________________________________________

(c) Tarraing léaráid chiorcaid a léireoidh **ceallra**, **bolgán**, agus **dhá lasc** atá sreangaithe chun go lasfaidh an bolgán nuair a dhúntar **ceachtar** den dá lasc. (12)

Léaráid chiorcaid

## Ceist 16 – Tiontuithe Fuinnimh

(a) Luaigh sampla **amháin** de gach ceann de na **tiontuithe fuinnimh** seo a leanas.

(i) Fuinneamh **poiteinsiúil** go fuinneamh **cinéiteach**. (6)

______________________________________________

(ii) Fuinneamh **meicniúil** go fuinneamh **teasa**. (6)

______________________________________________

(b) Taispeánann an léaráid turgnamh a cuireadh ar bun chun an **éifeacht atá ag réimse maighnéadach ar sheoltóir sruthiompartha** a léiriú.

(i) Cad a tharlaíonn don stiall alúmanaim nuair a dhúntar an lasc? (3)


______________________________

(ii) Cad a tharlódh don striall alúmanaim dá gcuirfí an sruth ar malairt treo? (3)

______________________________

(iii) Ainmnigh **feiste** a bhaineann leas as an éifeacht a léirítear sa turgnamh seo. (6)

______________________________



Stiall Alúmanaim

(c) Déan cur síos, le cabhair léaráide lipéadaithe, ar thurgnamh chun **léiriú a dhéanamh ar scaoileadh an fhuinnimh as bia**. (12)

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

**SPÁS BREISE**

Taispeáin **go soiléir** uimhir na (g)ceiste(anna) atá á freagairt agat.

**SPÁS BREISE**

Taispeáin **go soiléir** uimhir na (g)ceiste(anna) atá á freagairt agat.